Comhairle AE

PRESS GA

**RÁITEAS AGUS BARÚLACHA**
352/26
11/05/2026

# Ráiteas ón Ardionadaí thar ceann an Aontais maidir le tíortha áirithe a bheith ag ailíniú le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

An 30 Márta 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/763[1].

Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear fad leis na bearta sriantacha atá ann cheana go dtí an 31 Márta 2027.

Seasann an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an Úcráin leis an gCinneadh sin ón gComhairle.

Áiritheoidh siad go mbeidh a mbeartais náisiúnta i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle.

Tá an gealltanas sin tugtha dá aire ag an Aontas Eorpach agus is díol sásaimh dó é.

---

[1] IO L, 2026/763, 30.3.2026, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2026/763/oj

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press